



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2017)0481

Dleachtanna custaim ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá *I**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 ar an togra leasaithe le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (códú) (COM(2017)0361 – C8-0226/2017 – 2014/0175(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: códú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0361),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thólaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0226/2017),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994 maidir le modh oibre níos tapúla d’fhonn téacsanna reachtacha a chódú go hoifigiúil ¹,
 - ag féachaint do Rial 103 agus do Rial 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A8-0331/2017),
- A. de bhrí, de réir Mheitheal Comhairleach sheirbhísí dlí Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, gurb é atá sa togra i dtrácht ná códú díreach ar na téacsanna atá ann cheana gan aon athrú ina substaint;
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
 2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C 102, 4.4.1996, lch. 2.

P8_TC1-COD(2014)0175

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Nollaig 2017 chun go nglacfaí Rialachán (AE) ... / ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (códú)

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2018/196.)